

Marga Klompé: Eolaí, polaiteoir agus duine a throid ar son daoine faoi mhíbhuntáiste (1912-1986)



B'eolaí agus múinteoir í Marga Klompé agus bhí sí gníomhach i bhfrithbheartaíocht na hÍsiltíre le linn an Dara Cogadh Domhanda. Ceapadh í ina feisire de Pharlaimint na hÍsiltíre sa bhliain 1948 agus bhí sí ar dhuine de chaibidleoirí Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine de chuid na Náisiún Aontaithe.

In 1952 ceapadh Klompé ina comhalta de Chomhthionól an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, réamhtheachtaí Pharlaimint na hEorpa, agus bhí sí ar an gcéad bhean riamh sa ról sin. Chuir a saothar ansin le forbairt Chonarthaí na Róimhe. Sa bhliain 1956 ceapadh í ina haire rialtais, an chéad aire baineann riamh i rialtas na hÍsiltíre, agus i measc na n-éachtaí a chuir sí i gcrích bhí tabhairt isteach an chéad dlí sa tír maidir le cosaint shóisialta uilíoch.

Luathshaol

An 16 Lúnasa 1912, in Arnhem na hÍsiltíre, a rugadh Margaretha Albertina Maria 'Marga' Klompé. Ba í an dara páiste as cúigear a rugadh do Johannes Klompé, úinéir siopa páipéarachais, agus Ursula Verdang, inimirceach Gearmánach den chéad ghlúin.

Nuair a buaileadh athair Klompé le tinneas sna 1930idí agus nuair a chaill sé a ghnó dá bharr sin, rinneadh bochtáin den teaghlach. Chuaigh an taithí phearsanta sin ar an mbochtaineacht go mór i gcion ar Klompé. Mar gheall air, chuaigh sí i mbun troda ar son na ndaoine ar imeall na sochaí agus ar a son siúd a bhí faoi mhíbhuntáiste.

B'iníon léinn chumasach í Klompé agus sa bhliain 1929 thosaigh sí ag staidéar in Ollscoil Utrecht, áit ar bronnadh céim mháistir uirthi in 1937. Theagasc sí an cheimic agus an fhisic i Meánscoil Mater Dei do chailíní in Nijmegen ó 1932 go dtí 1949, agus bronnadh PhD sa mhatamaitic agus san fhisic uirthi in 1941. Chuir sí tús le staidéar an leighis an bhliain dar gcionn, ach níor éirigh léi an cúrsa a chríochnú mar gheall ar an Dara Cogadh

Domhanda. Chuaigh Klompé isteach i ngluaiseacht frithbheartaíochta rúnda na hÍsiltíre, áit a raibh sí ina ceannaire agus ar thóg sí líonra mór de bhanoibrithe deonacha.

Bealach nua réitithe do mhná i saol na polaitíochta

Tar éis dheireadh an chogaidh, thug Klompé faoin bpolaitíocht, rud nár ghnách do mhná a dhéanamh ag an am. Ba bhall de Dhaon-Pháirtí na gCaitliceach í agus ghlac sí mionn theach íochtarach Rialtas na hÍsiltíre, Teach na nIonadaithe, i mí Lúnasa 1948. Bhí sí mar chuid de thoscaireacht na hÍsiltíre chuig na Náisiúin Aontaithe, áit ar oibrigh sí ar Thríú Coiste Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe, ag déileáil le cearta daonna agus le cúrsaí daonnúla, agus bhí sí páirteach i gcaibidlíocht Dhearbhú Uilechoiteann Chearta an Duine.

Bhí Marga Klompé ar an gcéad chomhalta baineann de Chomhthionól an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach, réamhtheachtaí Pharlaimint na hEorpa. Rinneadh chéad seisiún an Chomhthionóil a réachtáil in 1952. Sular cuireadh tús le

toghcháin dhíreacha in 1979, b'ionadaithe dá bparlaimintí náisiúnta féin iad na comhaltaí. In 1955, ceapadh Klompé ar mheitheal oibre a bhunaigh an Comhthionól chun díriú ar chur chun feidhme chumhachtaí an Chomhphobail Eorpaigh do Ghual agus Cruach a fheabhsú, na cumhachtaí sin a leathnú, agus margadh aonair a chruthú a chlúdódh níos mó réimsí ná an earnáil ghuail agus chruach amháin.

D'fhág Klompé an Comhthionól in 1956 le dul isteach i gcomhrialtas na hÍsiltíre, comhrialtas a bhí ar chlé ón lár, faoi cheannas an Phríomh-Aire Willem Drees. Ba í chéad aire mná na hÍsiltíre. I measc a héachtaí mar Aire um Obair Shóisialta bhí tabhairt isteach Acht an Chúnaimh Ghinearálta, a tháinig in ionad dhlí na mbocht. A bhí leis an reachtaíocht sin, a tháinig i bhfeidhm in 1965, tugadh ceart ar chosaint shóisialta do chách. Bhí sí ag iarraidh go ndéanfaí soláthar cosanta sóisialta an stáit a neartú in áit a bheith ag díriú ar an gcarthanacht.

Ar na nithe eile a d'éirigh léi a bhaint amach bhí Bille na dTithe Cúraim do Dhaoine Scothaosta, a ceapadh chun aghaidh a thabhairt ar an aosú i sochaí na hÍsiltíre, agus an Bille Carbhán chun tacú le daoine a chleacht saol fánaíochta. Bhí sí ina hAire Cultúir, Áineasa agus Oibre Sóisialta ó 1966 go dtí 1971 i gcomhairleacht an Phríomh-Aire Piet de Jong. Sa bhliain 1971, bronnadh an teideal 'Aire Stáit' ar Klompé, onóir a thugtar san Ísiltír do pholaiteoirí sinsearacha ardmholta ag deireadh a ngairmréime.

Tar éis di éirí as saol na polaitíochta, lean Klompé uirthi i mbunfeachtais ar son an cheartais idirnáisiúnta agus na freagrachta sóisialta, agus cháin sí córas na cindeheighilte san Afraic Theas mar chuid den obair sin. Ba láidir an creideamh Caitliceach a bhí ag Klompé. Cheap an Pápa Pól VI ina cathaoirleach í ar Choimisiún Náisiúnta na hÍsiltíre um Cheartas agus Síocháin, agus bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí aontas na mbancheimithe Caitliceacha agus sheirbhís oibre deonaí na mban Caitliceach.

Ba mhór an meas a bhí uirthi mar bhean a raibh creideamh láidir, daonnacht agus tuairimí pearsanta láidre ag baint léi. Tá an urraim sin le feiceáil ar líon na sráideanna, na scoileanna agus na n-ionad sláinte go léir san Ísiltír atá ainmnithe aisti. An 28 Deireadh Fómhair 1986, sa Háig, a fuair Marga Klompé bás.